2026/2211

2.10.2026

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2211 ÓN gCOIMISIÚN

an 1 Deireadh Fómhair 2026

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/165 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le caighdeáin chomhchuibhithe maidir le córais chuisniúcháin agus teaschaidéil, trealamh GPL, soithí crióigineacha, agus táthú agus prásáil, caighdeáin a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2014/68/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoir 89/686/CEE agus Treoir 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 10(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 12 de Threoir 2014/68/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), i dtaca le brú-threalamh nó cóimeálacha dá dtagraítear in Airteagal 4(1) agus (2) den Treoir sin atá i gcomhréir le caighdeáin chomhchuibhithe nó codanna de na caighdeáin chomhchuibhithe sin agus ar foilsíodh na tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, glactar leis go bhfuil siad i gcomhréir leis na buncheanglais sábháilteachta a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin, buncheanglais a chumhdaítear leis na caighdeáin sin nó le codanna díobh.

(2) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2024) 1241 ([3]), d'iarr an Coimisiún ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN) agus ar Choiste Eorpach na gCaighdeán Leictriteicniúil (Cenelec) caighdeáin chomhchuibhithe nua a dhréachtú, na caighdeáin chomhchuibhithe atá ann cheana a athbhreithniú agus an obair ar dhréachtchaighdeáin chomhchuibhithe a thabhairt i gcrích chun tacú le Treoir 2014/68/AE.

(3) Ar bhonn na hiarrata sin, rinne CEN athbhreithniú agus leasú ar na caighdeáin chomhchuibhithe seo a leanas: EN 10253-2:2021 maidir le feistis píobáin buntáthaithe. Is é an toradh a bhí air sin gur tháinig ann don chaighdeán leasaitheach seo a leanas: EN 10253-2:2021+A1:2025. Rinne CEN athbhreithniú agus leasú ar an gcaighdeán seo a leanas freisin: EN 12392:2016+A1:2022 maidir le táirgí buailte agus teilgthe alúmanaim. Is é an toradh a bhí air sin gur glacadh caighdeán leasaitheach EN 12392:2025. Thairis sin, rinne CEN athbhreithniú agus leasú ar chaighdeáin EN 12953-2:2012, EN 12953-6:2011 agus EN 12953-9:2007 maidir le coirí scealla. Is é an toradh a bhí air sin gur glacadh caighdeáin leasaitheacha EN 12953-2:2025, EN 12953-6:2024 agus EN 12953-9:2024. Rinne CEN athbhreithniú agus leasú ar an gcaighdeán seo a leanas freisin: EN 13134:2000 maidir le prásáil. Is é an toradh a bhí air sin gur tháinig ann don chaighdeán leasaitheach seo a leanas: EN ISO 17779:2025. Rinne CEN athbhreithniú agus leasú freisin ar chaighdeán EN 13136:2013+A1:2018 maidir le córais chuisniúcháin agus teaschaidéil, agus is é an toradh a bhí air sin gur glacadh caighdeán leasaitheach EN ISO 24664:2024. Rinne CEN athbhreithniú agus leasú ar an gcaighdeán seo a leanas freisin: EN ISO 13585:2012 maidir le prásáil. Is é an toradh a bhí air sin gur glacadh an caighdeán leasaitheach seo a leanas: EN ISO 13585:2024. Rinne CEN athbhreithniú agus leasú ar an gcaighdeán seo a leanas freisin: EN 14129:2014. Is é an toradh a bhí air sin gur glacadh caighdeán EN 14129:2024 maidir le trealamh agus gabhálais GPL. Rinne CEN athbhreithniú agus leasú ar an gcaighdeán seo a leanas freisin: EN 14222:2021. Is é an toradh a bhí air sin gur glacadh caighdeán leasaitheach EN 14222:2021+A1:2025 maidir le

([1]) IO L 316, 14.11.2012, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/1025/oj.

([2]) Treoir 2014/68/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát i dtaca le brú-threalamh a chur ar fáil ar an margadh (IO L 189, 27.6.2014, lch. 164, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/68/oj).

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2024) 1241 final ón gCoimisiún an 1 Márta 2024 maidir le hiarraidh ar chaighdeánú ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú agus ar Choiste Eorpach na gCaighdeán Leictriteicniúil a mhéid a dtaca le brú-threalamh agus cóimeálacha chun tacú le Treoir 2014/68/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

coirí gaile cruach dosmálta. Rinne CEN athbhreithniú agus leasú ar EN 14585-1:2006 maidir le cóimeálacha osáin mhiotail roctha. Is é an toradh a bhí air sin gur glacadh caighdeán leasaitheach EN 14585:2024. Rinne CEN athbhreithniú agus leasú ar an gcaighdeán seo a leanas: EN 14917:2021 maidir le hailt leathnaithe búireanna miotalacha. Is é an toradh a bhí air sin gur glacadh caighdeán leasaitheach EN 14917:2021+A1:2026. Rinne CEN leasú ar EN ISO 15493:2003/A1:2017 freisin. Is é an toradh a bhí air sin gur tháinig ann do chaighdeán leasaitheach EN 15493:2003/A11:2025. Rinne CEN athbhreithniú agus leasú ar an gcaighdeán seo a leanas freisin: EN ISO 15613:2004. Is é an toradh a bhí air sin gur glacadh caighdeán leasaitheach EN ISO 15613:2025. Rinne CEN athbhreithniú agus leasú ar EN ISO 15614-5:2004 maidir le nósanna imeachta táthúcháin. Is é an toradh a bhí air sin gur glacadh an caighdeán leasaitheach seo a leanas: EN ISO 15614-5:2024. Rinne CEN athbhreithniú agus leasú ar an gcaighdeán seo a leanas freisin: EN ISO 15614-11:2002 maidir le nósanna imeachta táthúcháin. Is é an toradh a bhí air sin gur glacadh caighdeán leasaitheach EN ISO 15614-11:2025. Rinne CEN athbhreithniú agus leasú ar chaighdeán EN ISO 21009-2:2015 maidir le soithí crióigineacha. Is é an toradh a bhí air sin gur tháinig ann do chaighdeán leasaitheach EN ISO 21009-2:2024. Rinne CEN leasú ar chaighdeán EN 21922:2021 maidir le córais chuisniúcháin agus teaschaidéil, agus is é an toradh a bhí air sin gur tháinig ann do chaighdeán leasaitheach EN ISO 21922:2021/A1:2024. Thug CEN i gcrích caighdeán EN 14071:2024 maidir le trealamh LPG. Ar deireadh, thug CEN i gcrích caighdeán EN ISO 14732:2025 maidir le pearsanra táthaithe.

(4) Na caighdeáin sin i dtaca le brú-threalamh a ndearna CEN a dhréachtú, a leasú nó a athbhreithniú, rinne an Coimisiún measúnú i gcomhar le CEN féachaint an gcomhlíonann na caighdeáin sin an iarraidh a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme C(2024) 1241.

(5) Comhlíonann na caighdeáin chomhchuibhithe seo a leanas na ceanglais is aidhm dóibh a chumhdach, ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2014/68/AE. EN 10253-2:2021+A1:2025, EN 12392:2025, EN 12953-2:2025, EN 12953-9:2024, EN ISO 17779:2025, EN ISO 24664:2024, EN ISO 13585:2024, EN 14129:2024, EN 14222:2021+A1:2025, EN 14585:2024, EN 14917:2021+A1:2026, EN ISO 15493:2003/A11:2025, EN ISO 15613:2025, EN ISO 15614-5:2024, EN ISO 15614-11:2025, EN ISO 21009-2:2024, EN ISO 21922:2021/A1:2024, EN 14071:2024, EN ISO 14732:2025. Dá bhrí sin, is iomchuí na tagairtí do na caighdeáin sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(6) Cuirtear ar fáil le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/165 ón gCoimisiún ([4]), in Iarscríbhinn I a ghabhann leis, na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe lena dtugtar le fios go nglactar leis go bhfuil comhréir ann le Treoir 2014/68/AE. Chun a áirithiú gur in aon ghníomh amháin a liostaítear na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2014/68/AE, ba cheart na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe EN 10253-2:2021+A1:2025, EN 12392:2025, EN 12953-2:2025, EN 12953-6:2024, EN 12953-9:2024, EN ISO 17779:2025, EN ISO 24664:2024, EN ISO 13585:2024, EN 14129:2024, EN 14222:2021 +A1:2025, EN 14585:2024, EN 14917:2021+A1:2026, EN ISO 15493:2003/A11:2025, EN ISO 15613:2025, EN ISO 15614-5:2024, EN ISO 15614-11:2025, EN ISO 21009-2:2024, EN ISO 21922:2021/A1:2024, EN 14071:2024, EN ISO 14732:2025 a chuimsiú san Iarscríbhinn sin.

(7) Is gá na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe EN 10253-2:2021, EN 12392:2016+A1:2022, EN 12953-2:2012, EN 12953-6:2011, EN 12953-9:2007, EN 13134:2000, EN 13136:2013+A1:2018, EN ISO 13585:2012, EN 14129:2014, EN 14222:2021, EN 14585-1:2006, EN 14917:2021, EN ISO 15493:2003 mar aon le haon tagairt do chaighdeáin leasaitheacha nó cheartaitheacha a ghabhann leo, EN ISO 15613:2004, EN ISO 15614-5:2004, EN ISO 15614-11:2002, EN ISO 21009-2:2015, EN ISO 21922:2021 mar aon le haon tagairt do chaighdeáin leasaitheacha nó cheartaitheacha a ghabhann leo, a tharraingt siar as sraith L d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, ós rud é go ndearnadh athbhreithniú orthu. Is iomchuí, dá bhrí sin, na tagairtí sin a scriosadh ó Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/165.

(8) Is gá tarraingt siar na tagartha do na caighdeáin sin a chur siar chun a ndóthain ama a thabhairt do mhonaróirí a dtáirgí a oiriúnú do na leaganacha athbhreithnithe de chaighdeáin chomhchuibhithe, EN 10253-2:2021, EN 12392:2016+A1:2022, EN 12953-2:2012, EN 12953-6:2011, EN 12953-9:2007, EN 13134:2000, EN 13136:2013+A1:2018, EN ISO 13585:2012, EN 14129:2014, EN 14222:2021, EN 14585-1:2006, EN 14917:2021, EN ISO 15493:2003, EN ISO 15613:2004, EN ISO 15614-5:2004, EN ISO 15614-11:2002, EN ISO 21009-2:2015 agus EN ISO 21922:2021.

([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/165 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2025 maidir leis na caighdeáin chomhchuibhithe le haghaidh brú-threalamh a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2014/68/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L, 2025/165, 31.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2025/165/oj).

(9) Caighdeán comhchuibhithe EN 12953-6:2024 maidir le ceanglais le haghaidh trealamh teicniúil coirí scealla, comhlíonann sé roinnt ceanglas is aidhm dó a chumhdach, ach tá easnaimh theicniúla ann a mhéid a bhaineann leis na ceanglais i dtaca le modh oibriúcháin an bhrú-threalaimh, sárú na dteorainneacha incheadaithe, dearadh agus tógáil gabhálas sábháilteachta agus cosaint ar an riosca róthéimh. Is iomchuí dá bhrí sin an tagairt don chaighdeán sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* maille le srian comhfhreagrach.

(10) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/165 a leasú dá réir sin.

(11) Ón dáta a fhoilsítear an tagairt do chaighdeán comhchuibhithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, is rud é comhlíonadh an chaighdeáin sin a fhágann go nglactar leis go bhfuiltear i gcomhréir leis na bun-cheanglais chomhfhreagracha a leagtar amach i reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais. Ba cheart, dá bhrí sin, an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/165 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag pointe 1 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo ó 2 Aibreán 2028.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 1 Deireadh Fómhair 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/165 mar a leanas:

(1) Scriostar rónna 69, 82, 109, 113, 116, 122, 123, 146, 155, 159, 166, 167, 169, 171, 175, 179, 190 agus 195;

(2) cuirtear na rónna seo a leanas isteach in ord seicheamhach:

‘69a.	EN 10253-2:2021+A1:2025 Feistis píobáin buntáthaithe – Cuid 2: Cruach neamh-chóimhiotail agus cóimhiotail fheirítigh le riachtanais iniúchta shainiúla’
‘82a.	EN 12392:2025 Alúmanam agus cóimhiotail alúmanaim – Táirgí buailte agus teilgthe – Riachtanais speisialta le haghaidh táirgí atá beartaithe le haghaidh trealamh brú a tháirgeadh’
‘109a.	EN 12953-2:2025 Coirí scealla – Cuid 2: Ábhair le haghaidh brúpháirteanna coirí agus gabhálas
‘113a.	EN 12953-6:2024 Coirí scealla – Cuid 6: Ceanglais maidir le trealamh don choire
	Srian: Comhlíonadh mhíreanna 5.1.6 agus 5.3.1 de EN 12953-6:2024 agus comhlíonadh Iarscríbhinn F a ghabhann leis, ní rud é a thugann le fios go nglactar leis go bhfuil comhréir ann leis an mbuncheanglas sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach i bpointe 2.3 d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2014/68/AE. Comhlíonadh mhír 5.6.1.1 de EN 12953-6:2024 agus comhlíonadh Iarscríbhinn F a ghabhann leis, ní rud é a thugann le fios go nglactar leis go bhfuil comhréir ann leis an mbuncheanglas sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach i bpointe 2.10 d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2014/68/AE. Comhlíonadh mhír 5.6.1.1 de EN 12953-6:2024 ní rud é a thugann le fios go nglactar leis go bhfuil comhréir ann leis an mbuncheanglas sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach i bpointe 2.11.1 d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2014/68/AE. Comhlíonadh mhír 5.6.1.1 de EN 12953-6:2024 ní rud é a thugann le fios go nglactar leis go bhfuil comhréir ann leis an mbuncheanglas sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach i bpointe 5, an dara mír, pointe a, d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2014/68/AE.’
‘116a.	EN 12953-9:2024 Coirí scealla – Cuid 9: Ceanglais maidir le feistí teorannaithe den choire agus de na gabháltais’
‘122a.	EN ISO 17779:2025 Prásáil – Sonrú agus cáiliú nósanna imeachta prásála le haghaidh ábhair mhiotalacha (ISO 17779:2021)’
‘123a.	EN ISO 24664:2024 Córais chuisniúcháin agus caidéil teasa – Gairis faoisimh bhrú agus a bpíobáil ghaolmhar – Modhanna ríofa (ISO 24664:2024)’
‘146a.	EN ISO 13585:2024 Prásáil – Tástáil cháilíochta prásaithe agus oibritheoirí prásála (ISO 13585:2021)’
‘155a.	EN 14129:2024 Trealamh agus oiriúintí GPL – Comhlaí scaoilte brú d’árthaigh bhrú GPL’
‘159a.	EN 14222:2021+A1:2025 Coirí gaile cruach dosmálta
‘166a.	EN 14585:2024 Cóimeálacha osáin mhiotail roctha le haghaidh feidhmeanna brú’
‘167a.	EN 14917:2021+A1:2026 Ailt leathnaithe búireanna miotalacha le haghaidh feidhmeanna brú’

‘169a.	EN ISO 15493:2003 Córais phíopaí plaistigh d’fheidhmeanna tionsclaíocha – Stiréin bhútaidhé-éine aicrilinítríle (ABS), polai(viniolclóiríde) neamhphlaistithe (PVC-U) agus (polai)viniolclóiríde clóirínithe (PVC-C) – Sonraíochtaí do chomhpháirteanna agus don chóras - Sraith mhéadrach (ISO 15493:2003) EN ISO 15493:2003/A1:2017 EN ISO 15493:2003/A11:2025’
‘171a.	EN ISO 15613:2025 Sonraíocht agus cáilíocht maidir le gnásanna i dtaca le hábhair mhiotalacha a tháthú – Cáilíocht bunaithe ar thástáil táthúcháin réamhtháirgthe (ISO 15613:2025)’
‘175a.	EN ISO 15614-5:2024 Sonraíocht agus cáilíocht nósanna imeachta táthúcháin le haghaidh ábhair mhiotalacha – Tástáil ar ghnáthamh táthúcháin – Cuid 5: Stuatháthú tíotáiniam, siorcóiniam agus a gcóimhiotal (ISO 15614-5:2024)’
‘179a.	EN ISO 15614-11:2025 Sonraíocht agus cáilíocht maidir le gnásanna i dtaca le hábhair mhiotalacha a tháthú – Tástáil ar ghnásanna táthúcháin – Cuid 11: Táthú le léasacha leictreon agus léasar (ISO 15614-11:2025)’
‘190a.	EN ISO 21009-2:2024 Soithí crióigineacha – Soithí inslithe folúis statacha – Cuid 2: Riachtanais oibríochtúla (ISO 21009-2:2024)
‘195a.	EN ISO 21922:2021 Córais chuisniúcháin agus teaschaidéil – Comhlaí – Ceanglais, tástáil agus marcáil (ISO 21922:2021) EN ISO 21922:2021/A1:2024’

(3) cuirtear na rónna seo a leanas isteach:

‘204.	EN 14071:2024 Trealamh agus oiriúintí LPG – Comhlaí faoisimh brú le haghaidh soithí brú LPG – Trealamh coimhdeach’
‘205.	EN ISO 14732:2025 Pearsanra táthaithe – Tástáil cáilíochtaí oibritheoirí táthaithe agus socraitheoirí táthán maidir le táthú meicnithe agus uathoibríoch ábhar miotalach (ISO 14732:2025)’